

# Tá fáilte romhat chuig Rian Iarsmalainne Mhóin Alúine Scéal Phortaigh na hÉireann



## Teachín Dúchais na hÉireann

Tá ceangal láidir idir muintir na hÉireann agus portaigh. Le 400 bliain, agus níos mó, tá daoine ag baint móna ó na portaigh, agus á dó chun a mbaile a théamh. Bhíodh an tine mhóna mar chroílár an tí. Níorbh fhoirse teasa amháin í, ach foirse solais, cócaireachta agus airneáin chomh maith.



## An mhóin a bhaint le sleán

Seo an uirlis chun fód móna a bhaint den phortach. An raibh fhios agat?... Bíonn dathanna éagsúla ar an móin - bán, donn, dúdhonn nó dubh. Braitheann an dath sin ar an doimhne faoi dhromchla an phortaigh óna ngearrtar an mhóin. Is óige agus is lú dingthe an mhóin a bhaintear ón bharr, agus mar sin bíonn sí níos gile agus níos éadroime. Dóinn an mhóin sin to tapa.



## Portaigh mar a bheadh leabhair staire iontu

Den chuid is mó is uisce atá i bportaigh, mar aon le fásra leathlofa atá carntha ann thar 10,000 bliain. Fásann portach 1 mm gach bliain sa chaoi gur ionann 1 m dhoimhne agus stair 1,000 bliain. Bíonn stair an cheantair le feiceáil i sraitheanna an phortaigh. An raibh fhios agat? ... Cé nach bhfuil ach 3% de dromchla talún an Domhain clúdaithe le portaigh, tá 2/3 de charbóin talún an domhain i dtaisce iontu.



## Portaigh mar ghnáthóga áille fiadhúlra ar leith

Faigheann portaigh a gcuid uisce ón mbáisteach a bhfuil luach pH íseal aici, agus de bharr sin bíonn siad aigéadach. Bíonn fíorbheagán cothaitheach fáis ar fáil iontu agus bíonn an mhóin idir dhá uisce. Is dúshlánach an saol sna gnáthóga leithleacha seo ina bhfásann pobal plandaí agus ainmhithe atá dulta in oiriúint le chéile.



An raibh fhios agat?... Ni fhaightear coiníní ag maireachtáil ar an bportach toisc an mhóin a bheith rófhliuch lena rapacha a thochailt ann. Ach cuireann an giorria Éireannach faoi ar an dromchla agus bíonn sé sona sásta ann, áfach. An raibh fhios agat?... Is ceann de na plandaí is áille ar ár bportaigh Éireannacha é an ceannbhán, agus d'úsáidítí a shnáithíní chun éadach a dhéanamh.



## An lardrús portaigh

Ta airí leasaithe iontacha ag portaigh. De bharr easpa ocsaigine sna hithreacha móinteacha bactar don lobhadh agus caomhnaítear go sármhaith earraí a chuirtear sa phortach. Cuimhnigh ar im portaigh mar eiseamláir. Shádh daoine a gcuid ime sa phortach chun é a choinneáil úr, agus ansin rinne roinnt acu dearmad ar an áit a raibh sé curtha!! Na céadta bliain ina dhiaidh tagtar air, agus é fós leasaithe mar nua. An raibh fhios agat?... Go dtí seo thángthas ar breis agus céad corpán i bportaigh Éireannacha a cuireadh chomh fada siar le 290 RCh.





## Portaigh – spreagadh croí ó ghlúin go glúin

Thar na blianta tá fiántas oscailte garbh álainn phortaigh na hÉireann ag tabhairt inspioráide d'obair ealaíontóirí, dealbhóirí, ceoltóirí agus filí. An raibh fhios agat?... Bhí an-dúil ag an bhfile cáiliúil, Seamus Heaney, i bportaigh na hÉireann agus chuidigh sé go mór le hobair CCPÉ.



## Feachtas CCPÉ (IPCC) – Sábháil na Portaigh

Ta sé mar bhunchuspóir ag Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann ná eiseamláirí ionadaíocha phortaigh na hÉireann a chaomhnú a mbainfidh na glúine atá fós le teacht tairbhe astu. Is eagraíocht neamhrialtasach (ENR) chomhshaoil agus carthanas cláraithe í CCPÉ agus mar sin braithimid ar thiomsú airgid agus ar thacaíocht Chairde an Phortaigh, chun an n-obair sin a chur I gcrích. An raibh fhios agat?..... Tá €4.05 mhilliún caite ag CCPÉ ar an bhfeachtas ó 1987 ar aghaidh – airgead a bhronn an pobal orainn! Go raibh míle míle maith agaibh.




## Obair an CCPÉ chun gnáthóga portaigh a athneartú

Go dtí seo tá beagnach leathchuid dár bportaigh gearrtha. Nuair a bhíonn portach le gearradh chun móin a bhaint de, taoshtar é. De réir mar a islítear leibhéal an uisce éiríonn na dálaí mí-oiriúnach d'fhás sfagnaim (caonach bunúsach an phortaigh, óna eascraíonn móin). Chun portaigh a bhfuil damáiste déanta dóibh a athbhunú blocálann CCPÉ na silteáin le dambaí plaisteacha. Leis sin coimeádtar sna portaigh an taise a bhíonn de dhíth má tá an fiadhúlra sainiúil chun teacht slán



## Clár Oideachais an CCPÉ

Is cuid shuntasach d'obair CCPÉ ná oideachas a thabhairt do pháistí agus do dhaoine fásta araon faoi stair, faoi bhunú agus faoi fhiadhúlra na bportach, agus faoi na seirbhísí éiceachórais a sholáthraíonn na portaigh. Déanann mórán grúpaí ranga cuairt ar Ionad Dúlra Mhóin Alúine, áit gur féidir leo an saol sa phortach a fheiceáil agus a bheith páirteach i dtionscādail a neartaíonn a dtuiscint.



## Tabhair síntiús inniu chun portaigh na hÉireann a shábháil



Tá do chabhair de dhíth ar CCPÉ. Cabhróidh do shíntiús leis an bhfeachtas chun na portaigh a shábháil agus chun gnáthóga sainiúla iontacha phortaigh na hÉireann a chaomhnú agus a athneartú. Is féidir síntiús a thabhairt trinár suíomh gréasáin [www.ipcc.ie](http://www.ipcc.ie) An raibh fhios agat?..... Le €27 is féidir leat bheith i do bhall de Chairde an Phortaigh CCPÉ agus cabhrú leis an bhfeachtas chun na portaigh a shábháil.